AG DÉANAMH MONATÓIREACHTA AR CHOMHLÍONADH AN ACHTA UM CHEARTA AN DUINE 1998 AG SEIRBHÍS PÓILÍNEACHTA THUAISCEART ÉIREANN

TUAIRISC BHLIANTÚIL AR CHEARTA AN DUINE 2009 ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AGUS MOLTAÍ

BordPóilíneachta
Thuaisceart Éireann

ACHOIMRE AR THUAIRISC BHLIAINTÚIL 2009 BHORD PÓILÍNEACHTA THUAISCEART ÉIREANN AR CHEARTA AN DUINE

Tá dualgas reachtúil ar an Bhord Póilíneachta monatóireacht a dhéanamh ar ghnóthachtáil Sheirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann (SPTÉ) maidir le cloí leis an Acht um Chearta an Duine 1998. Tá dualgas reachtúil ar an Bhord Póilíneachta monatóireacht a dhéanamh ar ghnóthachtáil Sheirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann (SPTÉ) maidir leis an Acht um Chearta an Duine 1998 a chomhlíonadh. Ar theacht in éifeacht don Acht um Chearta an Duine i 2000, tá dualgas ar gach údarás poiblí, lena n-áirítear na póilíní, feidhmiú ar dhóigh atá inchomparáide le cearta agus le saoirse an duine aonair mar atá siad sa Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine (ECHR)[1].

Bhunaigh an Bord Póilíneachta an mheicníocht le cur ar a chumas an dualgas reachtúil seo a chomhlíonadh i 2003 trí fhoilsiú Chreat Monatóireachta Chearta an Duine. Ó 2003 i leith, tá monatóireacht déanta ag an Bhord Póilíneachta, trína Chomhairleoirí Chearta an Duine, ar an SPTÉ i ngach réimse a leagtar amach sa doiciméad creata agus ó 2005, thuairiscigh sé ar an obair mhonatóireachta seo sa Tuairisc Bhliantúil ar Chearta an Duine (Tuairisc Bhliantúil).

1. De bhua S.6 den Acht Chearta an Duine 1998

Comhlántach le monatóireacht leanúnach ar chomhlíonadh chearta an duine, mar a thuairiscítear sa Tuairisc Bhliantúil, tá an próiseas fiosrúcháin téamaigh. Tríd an chur chuige seo, cuirtear ar chumas an Bhoird scrúdú níos déine a dhéanamh ar na saincheisteanna a bhaineann le réimse ar leith póilíneachta. Foilsíodh céad tuairisc fiosrúcháin téamaigh an Bhoird Phóilíneachta i Márta 2009 agus cur chuige inti dianscrudú a dhéanamh ar an dóigh a dtéann SPTÉ i ngleic le drochíde teaghlaigh. Tá tiomantas tugtha ag Coiste Chearta an Duine agus Caighdeán Gairmiúil an Bhoird Phóilíneachta i leith dhá fhiosrúchán théamacha eile a fhoilseofar beirt le linn 2010: breathnóidh an chéad cheann ar phóilíneacht maidir le páistí agus daoine óga; agus beidh póilíneacht an phobail Leispiaigh, Aeraigh, Dhéghnéasaigh agus Thrasinscne á meas sa dara ceann.

Cumhdaíonn Tuairisc Bhliantúil 2009 an tréimhse ó 1 Aibreán 2008 go 31 Márta 2009 agus déantar 20 moladh nua inti. Go nuige seo, tá 155 moladh curtha i bhfeidhm ina n-iomláine ag SPTÉ ó Thuairiscí Bliantúla eile agus 2 a bhfuil cuid díobh curtha i bhfeidhm. Rinneadh an-chuid oibre go háirithe ar phóilíneacht rúnda, ar oiliúint agus ar ghearáin agus smacht, leis na moltaí a chomhlíonadh. Níl ach dhá mholadh ó bhlianta atá caite atá fós le comhlíonadh.

Is iad na croíréimsí póilíneachta a leagtar amach i gCreat Monatóireachta Chearta an Duine agus a measadh i dTuairisc Bhliantúil na bliana seo:

1. Clár Gníomhaíochta SPTÉ
2. Oiliúint
3. Polasaí
4. Oibríochtaí
5. Cód Eitice
6. Gearáin, Smacht agus Caingean Shibhialta
7. Ord Poiblí
8. Úsáid Fórsa Fhisiciúil
9. Póilíneacht Rúnda
10. Íospartaigh
11. Mar a Chaitear le Daoine atá faoi Amhras
12. Feasacht ar Chearta an Duine sa SPTÉ
13. Póilíneacht leis an Phobal
14. Príobháideachas agus Cosaint Sonraí
15. Páistí agus Daoine Óga

MOLTAÍ

Moladh 1
Ba chóir don SPTÉ Oiliúnaí Chearta an Duine a cheapadh le hobair sa Choláiste Póilíneachta agus i gcomhpháirt leis an Chomhairleoir Oiliúint Chearta an Duine. Sa chás nach gceapann SPTÉ oiliúnaí SPTÉ, ba chóir dó moladh eile a thabhairt le haghaidh ionchur oibríochtúil in oiliúint a chinntiú agus le tacú leis an Chomhairleoir Oiliúint Chearta an Duine, laistigh de dhá mhí ó fhoilsiú [Tuairisc Bhliantúil Chearta an Duine 2009].

Moladh 2
Ba chóir don Chomhairleoir Oiliúint Chearta an Duine tuairisciú leis an Bhord Póilíneachta laistigh de shé mhí ó fhoilsiú [Tuairisc Bhliantúil Chearta

an Duine 2009] lena hanailís ar na hábhair oiliúna agus le cur in iúl don Bhord Póilíneachta cé acu atá sí cinnte nó nach bhfuil go ndéantar iniúchadh ar bhonn rialta ar na hábhair oiliúna reatha agus go bhfuil prionsabail chearta an duine imeasctha ag an leibhéal cuí i ngach cúrsa nua.

Moladh 3
Ba chóir do SPTÉ sceideal de gach cúrsa Ceantair nua a cuireadh i dtoll a chéile ó Aibreán 2008, maille le himlínte agus ábhair cúrsa, a chur ar fáil do Chomhairleoir Oiliúint Chearta an Duine an Bhoird Phóilíneachta. Ba chóir an sceideal sin a chur ar fáil láithreach.

Moladh 4
Ba chóir d'fhoireann mheasúnaithe inmheánach SPTÉ imeascadh phrionsabail chearta an duine i ngnéithe praiticiúla cúrsaí oiliúna SPTÉ ar shábháilteacht phearsanta a mheas laistigh de thrí mhí ó fhoilsiú [Tuairisc Bhliantúil Chearta an Duine 2009].

Moladh 5
Ba choir don Chomhairleoir Oiliúint Chearta an Duine, mar chuid dá tuairisc leis an Bhord Póilíneachta a leagtar amach i Moladh 2 de [Tuairisc Bhliantúil Chearta an Duine 2009], a cuid torthaí a bhaineann le hoiliúint athnuachana chearta an duine a iniamh.

Moladh 6
Ba chóir do SPTÉ mionsonraí gach Treoir Polasaí agus Gnás Seirbhísithe a bhfuil sé thar am iad a athbhreithniú le níos mó ná bliain a chur ar fáil don Bhord Póilíneachta agus nóta eolais ar an chúis atá leis an mhoill agus an dáta faoina gcomhlánófar an t-athbhreithniú a iniamh. Ba chóir an chéad nóta eolais a chur i láthair laistigh de thrí mhí ó fhoilsiú [Tuairisc Bhliantúil Chearta an Duine 2009] agus ar bhonn bliantúil ina dhiaidh sin.

Moladh 7
Ba chóir do SPTÉ a pholasaí a athbhreithniú maidir le hábhar, próifílí agus méarloirg DNA a bhaint de bhonnachar sonraí na n-iarratas agus a chuid torthaí a thuairisciú leis an Bhord Póilíneachta. Ba chóir go dtagródh an t-athbhreithniú d'Airteagal 8 den ECHR agus ba chóir go n-áireofaí d'aon turas cearta páistí agus daoine óga. Ba chóir do SPTÉ tuairisciú laistigh de thrí mhí ó fhoilsiú [Tuairisc Bhliantúil Chearta an Duine 2009]. Ba chóir do SPTÉ a chuid torthaí a leagan amach maidir le cé acu atá nó nach bhfuil an polasaí riachtanach agus comhréireach agus, más amhlaidh, cad chuige a bhfuil.

Moladh 8
Ba chóir do SPTÉ, laistigh de thrí mhí ó fhoilsiú [Tuairisc Bhliantúil Chearta an Duine 2009], na nithe seo a leanas a chur ar fáil do Chomhairleoir Chearta an Duine an Bhoird Phóilíneachta: míniú ar na próisis atá i bhfeidhm faoi láthair, ag leagan amach mar a chinntíonn siad cosaint chearta an duine agus, trí chrostagairt, ag léiriú mar a chomhlíonann siad, go substainteach, an cleachtas is fearr atá i bpolasaí agus i logleabhar pleanála DCU Chúil Raithin.

Moladh 9
Ba chóir do SPTÉ anailís a dhéanamh ar a chuid figiúirí ar 'stad agus cuardaigh' agus 'stad agus ceistigh' faoin Ordú 1989 (Tuaisceart Éireann) um Fhianaise Phóilíneachta agus Chóiriúil, An tAcht Sceimhlitheoireachta 2000 agus an tAcht Ceartais agus Slándála (Tuaisceart Éireann) 2007, agus machnamh ar leith a dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil na cumhachtaí a úsáidtear inchosanta, riachtanach agus comhréireach. Ba chóir an chéad anailís a chur i láthair an Bhoird Phóilíneachta sa 3ú ceathrú airgeadais den bhliain agus ar bhonn bliantúil ina dhiaidh sin.

Moladh 10
Ba chóir do SPTÉ iompraíocht agus béasa arb é an toradh orthu líon ard Bagairtí Scríofa Ceannfort faoi Fho-Airteagail 1.1 (an dualgas le beatha agus maoin a chosaint, ord a choinneáil, coireanna a chosc agus ciontóirí a thabhairt os comhair na cúirte) agus 2.1 (an dualgas le fiosrúcháin a dhéanamh ar dhóigh iomlán, chothrom agus neamhchlaonta) den Chód Eitice agus a thorthaí a thuairisciú leis an Bhord Póilíneachta ar bhonn bliantúil. Ba chóir an chéad tuairisc a chur ar fáil laistigh de shé mhí ó fhoilsiú [Tuairisc Bhliantúil Chearta an Duine 2009].

Moladh 11
Agus iad ag soláthar staitisticí sé mhí don Bhord Póilíneachta ar úsáid fórsa fhisiciúil taifeadta ar an fhoirm mhonatóireachta leictreonach a bhaineann le húsáid fórsa fhisiciúil, cuirfidh SPTÉ mionsonraí ar fáil ar chomhghaol ar bith idir líon ard úsáide agus imeachtaí poiblí a imíonn ó smacht.

Moladh 12
Ba chóir do SPTÉ obair i gcomhpháirt le Comhairleoir Chearta an Duine an Bhoird Phóilíneachta le hathbhreithniú breise a dhéanamh ar gach lámhleabhar oiliúna agus plean ceachta agus le haghaidh a thabhairt go sainiúil ar leas an pháiste in oibríocht ar bith ina bhféadfaí fórsa fisiciúil a úsáid. Ba chóir do SPTÉ, ar chomhlánú an athbhreithnithe agus go dearfa laistigh de shé mhí ó fhoilsiú [Tuairisc Bhliantúil Chearta an Duine 2009], a chuid torthaí a chur i láthair Choiste Chearta an Duine agus Caighdeán Gairmiúil an Bhoird Phóilíneachta.

Moladh 13
Ba chóir do SPTÉ smaoineamh ar Ghnáthamh Seirbhíse 6/2008, Treoirnótaí, paragraf 10.3 a leasú lena shoiléiriú go mbeidh úsáid inchosanta nuair a chreideann oifigeach go hionraic agus go réasúnta go bhfuil gá láithreach le Taser a úsáid le dóchúlacht úsáid fhórsa mharfaigh a chosc nó a laghdú.

Moladh 14
Ba chóir do SPTÉ, tríd an fhoirm mhonatóireachta leictreonach a bhaineann le fórsa fisiciúil a úsáid, athbhreithniú bliantúil a dhéanamh ar gach úsáid fórsa fhisiciúil agus a chuid torthaí a thuairisciú leis an Bhord Póilíneachta. Ba chóir go rianódh an tuairisc úsáid fórsa fhisiciúil ar fud Cheantair SPTÉ agus a machnamh a dhéanamh ar na bearta atá le déanamh le haghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna ar bith a éiríonn aníos. Ba chóir go gcuirfí an chéad tuairisc ar fáil don Bhord Póilíneachta laistigh de shé mhí ó fhoilsiú [Tuairisc Bhliantúil Chearta an Duine 2009].

Moladh 15
Ba chóir do SPTÉ tuairisciú leis an Bhord Póilíneachta laistigh de thrí mhí ó fhoilsiú [Tuairisc Bhliantúil Chearta an Duine 2009] ar an dul chun cinn i bhforfheidhmiú an pholasaí uileghabhálaigh. Ba chóir don tuairisc míniú a sholáthar ar mhoill bhreise ar bith.

Moladh 16
Ba chóir do SPTÉ tuairisc Mheitheamh 2009, *Hate crime against people with disabilities: a baseline study of experiences in Northern Ireland, Institute for Conflict Research*, a dháileadh ar gach oifigeach ábhartha laistigh de SPTÉ lena gcur ar an eolas faoi pholasaí agus cleachtas. Ba chóir do SPTÉ tuairisciú leis an Bhord Póilíneachta laistigh de shé mhí ó fhoilsiú [Tuairisc Bhliantúil Chearta an Duine 2009], ar na bearta atá le déanamh leis na moltaí a chur i bhfeidhm.

Moladh 17
Ba chóir d'fhoireann mheasúnaithe inmheánach SPTÉ ar bhonn tosaíochta oiliúint ábhair oifigeach (oifigigh faoi oiliúint) ar íospartaigh agus ar fhinnéithe a mheas laistigh den chéad timthriall mheasúnaithe agus a cuid torthaí a thuairisciú leis an Bhord Póilíneachta.

Moladh 18
Ba chóir do gach ACC réigiúnach a chur in iúl do Roinn Oibríochta Tacaíochta SPTÉ agus ba chóir dóibh siúd a chur in iúl don Riarthóir Scéim Chuartaíochta Coimeádta, nuair a dhruidtear seomra coimeádta sainithe agus nuair a athosclaítear ina dhiaidh sin é.

Moladh 19
Ba chóir don Bhord Póilíneachta, i gcomhairle le Cuairteoirí Coimeádta, smaoineamh ar dhóigh eile lena chinntiú go mbíonn líne chumarsáide ag Cuairteoirí Coimeádta le Ceannfoirt Cheantair tríd an Scéim Chuartaíochta Coimeádta, i gcomhar leis na Coistí ábhartha den Bhord Póilíneachta.

Moladh 20
Tuairisceoidh SPTÉ gach sé mhí leis an Bhord Póilíneachta maidir leis an líon inimirceach atá i gcoimeád póilíneachta le linn na tréimhse ábhartha agus an fad ama a chaitheann gach duine acu i gcoimeád.

MOLTAÍ NÁR RÉITÍODH FÓS

Moladh 3, Tuairisc Bhliantúil 2008
Ba chóir do SPTÉ fianaise a sholáthar don Bhord Póilíneachta maidir le glacadh agus forfheidhmiú na moltaí a leagtar amach i dtuairisc 2007 chomhairleoir SPTÉ ar oiliúint chearta an duine ar dhearadh ghnáthoiliúint SPTÉ laistigh de shé mhí ó fhoilsiú na tuairisce seo.

Moladh 5, Tuairisc Bhliantúil 2008
Ba chóir do SPTÉ sceideal gach cúrsa nua oiliúna ceantair atá tionscanta ag an Choláiste Póilíneachta, ag an chomhfhóram agus/nó ag oiliúnóirí ceantair, maille le himlínte agus ábhair cúrsa, a chur ar fáil do chomhairleoir chearta an duine an Bhoird Phóilíneachta laistigh de shé mhí ó fhoilsiú na tuairisce seo.

MOLTAÍ PÁIRT-FHORHFEIDHMITHE

Moladh10, Tuairisc Bhliantúil 2008
Ba chóir d'fhoireann mheasúnuithe inmheánach SPTÉ líon nach lú ná 45 de mheasúnaithe a dhéanamh ar chúrsaí oiliúna SPTÉ a sholáthraíonn SPTÉ sa 12 mhí atá romhainn agus a cuid torthaí agus moltaí a thuairisciú leis an Bhord Póilíneachta ar bhonn ráithiúil.

Moladh 24, Tuairisc Bhliantúil 2008
Ba chóir don SPTÉ a athbhreithniú ar gach polasaí, gnáthamh agus prótacal faisnéise a chomhlánú agus polasaí uileghabhálach ar bhainistiú faisnéise a fhorbairt taobh istigh de dhá mhí dhéag ó fhoilsiú na tuairisce seo ach ba chóir dóibh tuairisciú leis an Bhord Póilíneachta ar dhul chun cinn a athbhreithnithe laistigh de shé mhí ó fhoilsiú na tuairisce seo.

CONCLÚID

Is taifead an-dearfach go nuige seo atá ag SPTÉ maidir le forfheidhmiú na moltaí atá sna Tuairiscí Bliantúla Chearta an Duine, maille leis an teagmháil leanúnach le Comhairleoir Chearta an Duine an Bhoird Phóilíneachta agus an trédhearcacht a thaispeántar di. Léirionn sé seo taifead iontach dearfach i dtéarmaí thiomantas SPTÉ do chearta an duine a chomhlíonadh. Tá obair le déanamh go fóill, áfach. Cuireadh an 20 moladh nua atá i dTuairisc Bhliantúil 2009 i dtoll a chéile leis an obair atá ar siúl cheana a fheabhsú agus a dhaingniú. Tabharfaidh Coiste Chearta an Duine agus Caighdeán Gairmiúil, le cuidiú ón Chomhairleoir Chearta an Duine, tús áite do chinntiú go bhforfheidhmeoidh SPTÉ na moltaí nua seo chomh maith leo siúd nár cuireadh i bhfeidhm go hiomlán go fóill.

Níl d'aidhm ag an doiciméad achoimre seo ach forbhreathnú gairid a chur ar fáil. Tugtar faoi deara go bhfuil leagan iomlán de Thuairisc Bhliantúil Chearta an Duine ar fáil lena híoslódáil ar láithreán gréasáin Bhord Póilíneachta Thuaisceart Éireann.

www.nipolicingboard.org.uk

ORD POIBLÍ
OIBRÍOCHTAÍ
OILIÚINT
ÁID FÓRSA
ISICIÚIL
CLÁR
GNÍOMHAÍOCHTA

ARNA FHOILSIÚ AG
BORD PÓILÍNEACHTA
THUAISCEART ÉIREANN
Waterside Tower, 31, Bóthar Clarendon
Duga Clarendon, Béal Feirste BT1 3BG

Teil: +44 (0) 28 9040 8500
Facs: +44 (0) 28 9040 8544
Téacsfhón: +44 (0) 28 9052 7668

R-phost: information@nipolicingboard.org.uk
Suíomh Idirlín: www.nipolicingboard.org.uk

TEIDEAL DOICIMÉID
TUAIRISC BHLIANTÚIL AR CHEARTA AN DUINE 2009 ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AGUS MOLTAÍ

FORMÁID AR LÍNE
Tá an doiciméad seo ar fáil i bhformáid PDF ónár suíomh idirlín

ARNA FHOILSIÚ MÁRTA 2010
Is féidir an doiciméad seo a chur ar fail i bhformáidí eile fosta ach a n-iarraidh, lena n-áirítear CD agus mórchló.

D'fhéadfadh sé bheith ar fáil fosta i dteangacha mionlaigh nó ar chloschaiséad. Ba chóir iarratais ar fhormáidí eile a chur chuig Bord Póilíneachta Thuaisceart Éireann.

SÉANADH
Cé go ndearnadh gach iarracht beaichte an eolais sa doiciméad seo a chinntiú, ní bheidh Bord Póilíneachta Thuaisceart Éireann ná a chomhairleoirí faoi dhliteanas maidir le heolas míchruinn ar bith atá ann.